

Scáil an Chadhanaigh ar Scríbhneoirí na Gaeilge le Darach Ó Scolaí

Níl romham anseo léirmheas a scríobh ar aon chuid de shaothar an Chadhanaigh, ná tada dá shórt, ach cuntas gearr a thabhairt orm féin mar scríbhneoir óg ag éirí aníos faoi scáil an Chadhanaigh i gConamara. Mo chéad chuimhne ar an gCadhanach, ab ea é a fheiceáil i dteach a dhearthár, Pádraig, ar an gCnocán Glas, agus é tinn (an t-aon uair a chonaic mé é). Ba ghearr ina dhiaidh sin a cailleadh é. Ní raibh mise ach seacht mbliana d’aois an uair sin.

Ansin, níos deireanaí, is cuimhneach liom m’athair a fheiceáil cuachta suas leis an raidió ag éisteacht le *Cré na Cille* á léamh ag Peadar Lamb — nár lige Dia go gcuirfeadh aon duine againn isteach air! — agus ina dhiaidh sin arís, i 1973, leagan aisteoirí Chonamara ar Raidió na Gaeltachta. Faoin tráth sin thuig mé go gcaithfí labhairt faoin gCadhanach de ghuth íseal omósach.

Ar an meánscoil casadh gearrscéal leis an gCadhanach mo bhealach, ceann de na ceanna ab éasca leis, ‘Glantachán Earraí’, gearrscéal simplí so-léite a sheasann amach fós i mo chuimhne. Am eicínt i ndeireadh mo chuid meánscolaíochta, nó i dtús na hollscolaíochta a léigh mé *Cré na Cille*. Is deacair a rá go díreach cén uair. Ní raibh sé ar aon chúrsa ollscoile agam (cé go ndearna mé céim sa Ghaeilge, agus go mb’éigean dom go leor droch-leabhair a léamh). Níl de chuimhne anois agam ar an gcéad léamh sin ach gur chuir an acmhainn grinn a bhí ag an údar mór seo iontas orm, agus áthas. Greannadh Caitríona Pháidín go domhain i m’inchinn, agus í de shíor ar tí pléascadh, gan trácht ar Nóra na gCosa Lofa as an nGort Ribeach nó Billeachaí an Phosta.

Thart ar an am sin freisin a chuir mé féin spéis sa scríbhneoireacht. Ní raibh aon bhaint ag an gCadhanach leis sin, ná ag litríocht na Gaeilge. Béarla ba mhó a bhí a léamh agam, nó aistriúcháin go Béarla, ach ba nádúrthaí liom scríobh i nGaeilge. Bhí mé óg, agus aerach, agus theastaigh uaim scríobh ar nós na scríbhneoirí nua a bhí á léamh agam, Gunther Grass agus Gabriel Garcia Marquez, nó a leithidí.

Bhí deacracht agam leis an méid a bhí á scríobh i nGaeilge ag an am. Ní raibh mise ach i ndeireadh na ndéaga nó i dtús na bhfichidí nuair a casadh dom an nua-scríbhneoireacht nua-réalaíoch Conamaraíoch — bhí dornán maith scríbhneoirí i gConamara, ag teacht is ag imeacht de réir mar a tháinig an mhisneach leo nó mar a thráigh sí orthu — agus cé go mba cás liom scéal an deoraí i gCamden Town (bhí mo mhuintir féin scaipthe sna cheithre harda, agus gur mhaith a d’aithnigh mé scéal an fhir a bhí ag caoineadh i ndiaidh an tsean-áitrimh, bhí gnéithe a bhain leis an scríbhneoireacht sin nár réitigh liom. Ba i dtéarmaí an fhir bhualte a scríobhadh cuid mhór de — i dtéarmaí an té a eascraíonn as tada, agus a gcuirtear an méid sin ar a shúile dó sula bhfillfidh sé ar thada.

Bhraitheas freisin méid áirid den nostalgia i ndiaidh an bhochtanaís ann freisin, rud a d’fhág droch-bhlas i mo bhéal. Ach ní hamháin gur scéal an duine stoite díchuimhne a bhí anseo, bhraitheas go raibh an scríbhneoireacht féin stoite díchuimhne.

Dár ndóigh, ní timpist ar bith a bhí ansin. Is beag cuimhne i gConamara a théann siar níos faide ná an Drochshaol, nó an Gorta Mór. An té a thabharfadh cluais do

bhéaloideas na ndaoine in Iarthar na hÉireann, mhaithfeá dhó dá gceapfadh sé gur in áit eicínt idir portach agus cladach a fáisceadh an saol, níos lú ná dhá chéad bliain ó shin. Má tá aon léargas níos sine ná sin i gConamara, abair, is sna hamhráin atá sé.

In áit na dteorainneacha sin a leagan, bhraitheas nach ndearna scríbhneoireacht nua Chonamara —abair ó Mháirtín Ó Cadhain aniar — ach na cláíocha sin a ardú tuilleadh. B'fhacthas dom gur bhain an nua-réalaíochas Conamarach, mar a thabharfas mé anseo air, leis an iarracht déileáil le dearóile na himirce i Sasana, leis an oileán nó leis an seanteach á thréigean, agus le cuairteanna reatha an deoraí ar sheanbhallaí na hóige. Agus thar rud ar bith eile, leis an díomá. Ní raibh aon léargas ann tríd na clabhtaí dorcha siar ar an mbóthar a thug go dtí seo muid, nó chun cinn ar an mbóthar amach romhainn agus sna spéartha in airde, ar an saol a d'fhéadfadh fós.

Maidir le hÓ Cadhain féin, cé is moite de *Cré na Cille*, a fhágann ag rachtaíl gháirí mé le gach leathanach, is beag báigh a bhí agam ariamh lena chuid scríbhneoireachta. Mar a deirim, bhí mé óg, agus níor réitigh a chuid bealaí aistreánacha ariamh liom. D'éirigh mé mífhoighdeach agus cantalach leis. Bhraitheas nár fhéad sé smaoineamh simplí a bhreith leis go ceann scríbe gan é a thabhairt siar is aniar ar dtús. Nó gan brí na habairte a chlaohlú faoi chlásál ceo is faoi fhoirmeacha diúltacha. Chonaic mé ann an faitíos roimh an aicearra.

Nó an é go raibh mé ag plé le litríocht an duine bhoicht — an fear a roghnaíonn an cúlbealach le faitíos go bhfeicfí ar an mbóthar mór é, a chromann faoi chlaí, a théann siar thar a lorg féin nuair a fheiceann sé strainséara? Nó níos measa, an duine a dhíbríonn gach cuimhneamh as a cheann ar fhaitíos na mórchúise, ar fhaitíos an mhagaidh, ar fhaitíos na díomá?

Agus más beag nuaíochta a bhí á scríobh i gConamara ag an am, ba ar an gCadhanach a leag mé an milleán. Ba in a ghearrscéalta a cuireadh an síol, b'fhacthas dom. I scéal N, i scéal K, nó i scéalta faoin íobartach a bhí gafa i gcathair ghríobháin an mhaorlathais nó cromta faoi ualach an aonarántachta agus an choimhthís. Agus cé gur thuig mé, nó gur cuireadh ar mo shúile dom, go raibh cuspóir ar leith le saothrú seo an Chadhnaigh, gur modh oibre a bhí ann agus é ag iarraidh cás suarach an duine a léiriú, cuir i gcás, nó ag iarraidh an duine a dhúiseacht agus a ghríosadh, b'fhéidir, shantaigh mé scríbhneoireacht a bhí níos mó agus níos siúráilte, scríbhneoireacht faoi sholas an lae agus faoi spéartha níos leithne. Agus len é seo a bhaint amach thuig mé go gcaithfinn cúl a thabhairt leis an gCadhanach.